## Cló an Chumainn Seandálaíochta (1856)



Brighit, ógh, banabb Cille dara. De ḟliocht Eochadha Finn-fuaṫairt, mic Feiḋlimiḋ Reaċtmair, mic Tuathail Teachtmair, airdri Erenn dí. Broiccseaċ, ingen Dallḃronaiġ, mic Aodha Meamair, a maṫair, acus siur do Ulltan Airdebrecain iside, acus ise Ulltan do ṫionoil ferta acus miorbuile Briġde go haon maiġin, acus do aiṫin da ḋeiscipul Broccan a ccuma tre ḟiliḋecht amail as follas isin Leaḃar Iomann, .i. "Ní ċar Briġit buaḋaċ," 7c.

An traṫ do bí Moling ag tionntuḋ ó riġ Eireann, iar bfaġail maiṫmiḋe na Boraṁa o Fionnaċta ri Erenn, go ġlaċ aiṫreaċas muintir an riġ, acus ro lensat é dia marbaḋ. O do connairc Moling sin do chuaiḋ i muiniġin na naoṁ, acus do ġuidh Briġit ar túr, go ndubairt :—"A Briġit bennaċ ar réd," 7c.

Adeir seinleaḃar ro aosda memraim ina ḃfuiċ Martarlaic Maolruain Taṁlaċta, acus coṁanmanna na naoṁ, acus morán do maiṫriḃ na naoṁ go raiḃe Briġit ag lenmain na mbés, acus na beṫa do ḃi ag naoṁ Muire maṫair Iosa.

Así an Briġit sin tra na tucc a menmain, na a hinntinn as in ccoimḋe edh naon uaire riaṁ, aċt a sior luaḋ acus a siorsmuaineḋ go ġnaṫ ina menmain amail as follas ina bethaiḋ fein, acus fos i mbethaiḋ naoiṁ Brenainn espucc Cluana Ferta. Do bi ro ḟial ro ċarṫanaċ re, haoiḋeḋaiḃ acus re luċt riaċtanais. Do ḃi umal, acus do nioḋ aoḋaireacht, acus moiċeirġe amail derḃas a beṫa,

John O'Donovan (eag.), *The Martyrology of Donegal; A Calendar of the Saints of Ireland* (Baile Átha Cliath, 1864).